



Европейски парламент Parlamento Europeo Evropský parlament Europa-Parlamentet Europäisches Parlament Euroopa Parlament Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο European Parliament Parlement européen Parlaimint na hEorpa Europski parlament Parlamento europeo Eiropas Parlaments Europos Parlamentas Európai Parlament Parlament Ewropew Europees Parlement Parlament Europejski Parlamento Europeu Parlamentul European Európsky parlament Evropski parlament Euroopan parlamentti Europaparlamentet

COMHAR CRÍOCHACH EORPACH

Is é atá i gComhar Críochach Eorpach ná an ionstraim bheartais chomhtháthaithe a bhfuil sé mar aidhm léi teacht ar réiteach ar fhadhbanna trasna teorainneacha agus forbairt a dhéanamh i gcomhar le chéile ar an acmhainneacht atá ag críocha atá éagsúil óna chéile. Tacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa le gníomhartha comhair trí thrí phríomhghné: comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta agus comhar idir-réigiúnach.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 178 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Rialachán (AE) Uimh. 299/2013 an 17 Nollaig 2013.

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Tá Comhar Críochach Eorpach (ETC) mar chuid den bheartas comhtháthaithe ó 1990 i leith. Don chlárthréimhse 2014-2020, den chéad uair i stair an bheartas chomhtháthaithe Eorpaigh, tá rialachán sonrach glactha lena gcumhdaítear gníomhartha Comhair Críochacha Eorpacha a dtacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) leo. Is é atá i gComhar Críochach Eorpach ná an ionstraim bheartais chomhtháthaithe atá beartaithe chun teacht ar réiteach ar fhadhbanna a théann trasna teorainneacha náisiúnta agus a bhfuil réiteach comhchoiteann ag teastáil leo, agus chun forbairt a dhéanamh i gcomhar le chéile ar an acmhainneacht atá ag críocha atá éagsúil óna chéile.

Is é an méid atá leithdháilte ar Chomhar Críochach Eorpach don tréimhse bhuiséadach 2014-2020 EUR 9.3 billiún. Tá na hacmhainní sin roinnte mar a leanas:

1. 74.05% le haghaidh comhar trasteorann. Is é is aidhm leis na cláir sin réigiúin nó údarais áitiúla a bhfuil teorainn choiteann acu (talún nó muirí) a thabhairt le chéile chun na limistéir teorann a fhorbairt, chun leas a bhaint as a n-acmhainn fáis neamhshaothraithe agus chun dul i ngleic le dúshlán atá sainaitheanta mar dhúshlán comhchoiteanna. I measc na ndúshlán comhchoiteann sin tá saincheisteanna amhail: droch-inrochtaineacht i ndáil le teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFCanna); drochbhonneagar iompair; tionscail áitiúla atá ag meath; timpeallacht ghnó mhíchuí; easpa líonraí i measc riarachán áitiúil agus réigiúnach; leibhéal ísle taighde agus nuálaíochta agus leibhéal ísle ghlactha le TFCanna; truailliú an chomhshaoil; rioscaí a chosc; dearcthaí diúltacha i dtreo shaoránaigh na dtíortha comharsanachta, etc.;



2. 20.36% le haghaidh comhar trasnáisiúnta. Cumhdóidh na cláir sin na críocha trasnáisiúnta is mó agus tá sé mar aidhm leo comhar a neartú ar bhonn gníomhaíochtaí lena ndéantar forbairt chríochach chomhtháite a chun cinn idir eintitis náisiúnacha, réigiúnacha agus áitiúla i limistéir mhóra gheografacha. Áirítear leo freisin comhar trasteorann muirí i gcás nach bhfuil sé sin cumhdaithe le cláir um chomhar trasteorann;
3. 5.59% le haghaidh comhar idir-réigiúnach. Tá sé mar aidhm leis na cláir sin éifeachtacht beartais chomhtháthaithe a threisiú ar bhonn gníomhaíochtaí lena gcuirfí chun cinn malartú taithí idir réigiúin maidir le saincheistanna amhail cláir a dhearadh agus a chur chun feidhme, forbairt uirbeach inbhuanaithe, agus anailís ar threochtaí forbartha ar chríoch an Aontais. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí le malartú taithí comhar atá tairbhiúil do gach taobh a chur chun cinn idir braislí diantaighde agus malartú idir taighdeoirí agus institiúidí taighde.

CUMHDACH GEOGRAFACH

I bprionsabal, maidir le gach teorainn inmheánach agus sheachtrach talún in AE, mar aon le teorainneacha muirí (réigiúin a bhfuil 150 km ar a mhéad eatarthu nó, i gcás na réigiún is forimeallaí, a bhfuil níos mó ná 150 km eatarthu freisin), is féidir tacú leo trí chomhchuid an chomhair trasteorann. Tá na limistéir a chumhdaítear le comhar trasnáisiúnta le saineáil ag an gCoimisiún, agus straitéisí macrairéigiúnacha agus imchuach farraige á gcur san áireamh aige, agus an rogha a bheith ag na Ballstáit críocha tadhlacha a chur leo. Le comhar idir-réigiúnach, cumhdófar críoch iomlán an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh na réigiúin is forimeallaí comhar trasteorann agus comhar trasnáisiúnta a chomhcheangal in aon chlár comhair amháin.

Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin i gcláir chomhair. Sna cásanna sin, is féidir úsáid a bhaint as an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI) agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) freisin chun gníomhaíochtaí comhair a mhaoiniú.

DÍRIÚ TÉAMACH

Chun tionchar an bheartais chomhtháthaithe a uasmhéadú agus chun rannchuidiú le straitéis Eoraip 2020 a chur i bhfeidhm, ní mór tacaíocht CFRE do chláir ETC a dhíriú ar líon teoranta cuspóirí téamacha^[1], a bhfuil nasc díreach acu le tosaíochtaí na straitéise sin. Faoi gach cuspóir téamach, déantar liosta de thosaíochtaí infheistíochta a shainiú sa Rialachán lena rialaítear an CFRE^[2]. Tá siad sin á gcomhlánú freisin le tosaíochtaí breise arna n-oiriúint do riachtanais shonracha ghníomhartha ETC.

Ní mór cláir trasteorann agus trasnáisiúnta a dhíriú ar cheithre chuspóir théamacha ar a mhéad, ach maidir le comhar idir-réigiúnaigh, níl aon teorainn den sórt sin i gceist. Is samplaí iad seo a leanas de réimsí tosaíochta maidir le tacaíocht a bhaineann go sonrach le cláir ETC:

[1] Tá liosta de chuspóirí téamacha in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 an 17 Nollaig 2013.

[2] Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 an 17 Nollaig 2013.



1. Comhar trasteorann: fostaíocht inbhuanaithe agus ardchaighdeán a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht lucht saothair trí mhargaí saothair trasteorann a chomhtháthú, cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus pobail a chomhtháthú thar theorainneacha, comhscéimeanna oideachais, gairmoiliúna agus oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme, etc.;
2. Comhar trasnáisiúnta: an acmhainn institiúideach atá ag údaráis phoiblí agus ag geallsealbhóirí agus riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí straitéisí macraireigiúnacha agus imchuach farraige a fhorbairt agus a chomhordú;
3. Comhar idir-réigiúnach: an acmhainn institiúideach atá ag údaráis phoiblí agus ag geallsealbhóirí agus riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí dhea-chleachtais agus saineolas a scaipeadh, malartú taithí a chur chun cinn, etc.

FORÁLACHA ATÁ SONRACH DO CHISTÍ MAIDIR LE CLÁIR CHOMHAIR

I bhfianaise na rannpháirtíochta ag níos mó ná Ballstát amháin i ndearadh agus i gcur chun feidhme na gclár comhair, tá aghaidh á tabhairt leis na forálacha rialála do ETC ar roinnt saincheistanna sonracha, amhail dlíteanais a leithdháileadh i gcás ceartuithe airgeadais, nósanna imeachta le haghaidh comhrúnaíocht a bheith á cur ar bun ag a nÚdarás Bainistíochta féin, nósanna imeachta speisialta le haghaidh rannpháirtíocht ag tríú tíortha nó tríú críocha, ceanglais maidir le tuarascálacha cur chun feidhme, etc.

Ní mór do na Ballstáit atá rannpháirteach i gclár comhair údarás bainistíochta amháin, údarás deimhniúcháin amháin agus údarás iniúchóireachta amháin a ainmniú. Thairis sin, ní mór go mbeidh an t-údarás bainistíochta agus an t-údarás iniúchóireachta lonnaithe sa Bhallstát céanna.

Maidir leis an riail lena gcuirtear ceanglas ar gach Ballstáit rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht chaiteachais (a bhfuil feidhm aici maidir le cháir eile faoi CFRE) a ghlacadh, níl sí oiriúnach do ETC. Dá bhrí sin, ba ghá ordlathas soiléir rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais a bhunú ar an leibhéal Eorpach.

Ina theannta sin, bíonn costais riaracháin níos airde ann mar thoradh ar roinnt tíortha a bheith rannpháirteach. Dá bhrí sin, tá an uasteorainn le haghaidh caiteachais ar chúnaimh teicniúil socraithe ar leibhéal níos airde ná mar is amhlaidh le haghaidh cineálacha eile clár.

TOGRA LE HAGHAIDH BHEARTAS COMHTHÁTHAITHE AN AONTAIS TAR ÉIS 2020

I mí na Bealtaine 2018, mhol an Coimisiún Eorpach rialacháin nua le haghaidh beartas comhtháthaithe AE tar éis 2020. Áirítear leo sin rialachán maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an Chomhair Chríochoigh Eorpaigh (Interreg). Amach anseo, is dócha go mbeidh cúig ghné ag ETC:

- comhar trasteorann;
- comhar trasnáisiúnta agus muirí;
- comhar na réigiún is forimeallaí;



- comhar idir-réigiúnach;
- infheistíochta nuálaíochta idir-réigiúnach.

Sa rialachán atá beartaithe, leagtar amach freisin dhá chuspóir a bhaineann go sonrach le cuspóirí Interreg:

- rialachas Interreg níos fearr;
- Eoraip níos sábháilte agus níos sláine.

Tá sé á mholadh ag an gCoimisiún EUR 8.4 billiún a leithdháileadh ar Chomhar Críche Eorpach le linn thréimhse 2021-2027.

Tá an rialachán sin faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh, ina bhfuil Parlaimint na hEorpa ar comhchéim leis an gComhairle. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar an dá institiúid sin teacht ar chomhthoil roimh dheireadh 2020 maidir leis na rialacha i ndáil le ETC. I mí an Mhárta 2019, rinne an Pharlaimint a céad léamh a thabhairt chun críche.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ós rud é go dtagann Rialachán ETC faoin ngnáthnós reachtach, bhí Parlaimint na hEorpa in ann cinneadh a dhéanamh ar comhchéim leis an gComhairle maidir lena inneachar. Mhol Parlaimint na hEorpa struchtúr ETC atá ann cheana a choinneáil, ar struchtúr é ina bhfuil trí chineáil éagsúla de chláir.

Thug Parlaimint na hEorpa a haird ar dhúshlán shonracha na réigiúin is forimeallaí, agus chun comhar trasteorann maidir le teorainneacha muirí a éascú do na réigiúin sin, tugadh níos mó solúbthachta isteach sa rial maidir le teorainn 150 km. Thairis sin, a bhí le tionscnamh ón bParlaimint, féadfaidh na réigiúin is forimeallaí teacht le chéile in aon chlár amháin um chomhar críochach maidir le leithdháiltí CFRE le haghaidh comhar trasteorann agus trasnáisiúnta. Ar deireadh, rinneadh rialacha sonracha a chruthú chun freastal ar riachtanais na réigiúin is forimeallaí atá ag obair i gcomhar le tríú tíortha.

I gcás comhar trasnáisiúnta, d'éirigh leis an bParlaimint a tuairim a chosaint nach mór don Choimisiún na straitéisí macrairéigiúnacha agus imchuach farraige atá ann cheana a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le liosta na limistéar atá i dteideal tacaíocht a fháil.

Rinne an Pharlaimint breis solúbthachta a thabhairt isteach sna rialacha ar dhá bhealach: trí 80% de na cistí a dhíriú ar cheithre chuspóir théamacha agus an 20% eile a fhágáil ar oscailt; agus trí lamháil solúbthachta 15% a thabhairt isteach maidir le hacmhainní a aistriú idir na sraitheanna trasteorann agus trasnáisiúnta.

Measann an Pharlaimint go bhfuil liosta na dtosaíochtaí éagsúla infheistíochta curtha in oiriúint do riachtanais shonracha an Chomhair Críche Eorpaigh. Tá cuíchóiriú déanta ar na módúlachtaí cur chun feidhme le haghaidh cláir chomhair, rud a fhágann go bhfuil laghdú ar líon na n-údarás atá rannpháirteach i gcláir a chur chun feidhme agus go bhfuil soiléiriú déanta ar a gcuid freagrachtaí féin. Tá mionchoigeartú déanta ar cheanglais ábhair maidir le cláir chomhair agus tuarascálacha cur chun feidhme agus é mar aidhm leis an t-ualach riaracháin atá ar údaráis na gclár a laghdú.



Tá cosaint láidir tugtha ag an bParlaimint don ngá atá le feabhas a chur ar Chomhar Críochach Eorpach, go háirithe maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- Comhar Críochach Eorpach a threisiú mar sprioc neamhspleách AE maidir le beartas comhtháthaithe, a bhfuil leibhéal fóna cistithe do thréimhse iomlán 2014-2020 mar bhonn aige;
- An chothromaíocht cheart a bhaint amach i ndáil le díriú téamach, chun go mbeidh sé láidir go leor chun bheith i gcomhréir le cuspóirí 2020, ach freisin chun go mbeidh sé solúbtha go leor chun go bhféadfaí é a chur in oiriúint do riachtanais éagsúla an chomhair trasteorann agus an chomhair trasnáisiúnta;
- Feabhas a chur ar bhainistiú agus iniúchadh clár, chun a áirithiú go ndéanfar deá-thorthaí a bhaint amach.

Jacques Lecarte / Marek Kołodziejski
04/2019

